

## Ábhar

## Litríocht do pháistí

### Curtha in oiriúint do mhic léinn B.Oid.

## Téacs Físe

An Dr. Ríona Nic Congáil ag labhairt faoi litríocht do pháistí.

## Forbairt Bhreise

Sliocht as alt ‘The Interpretation of Tradition’ le hAlan Titley (in *Frank O’Connor: Critical Essays*, eag. Hilary Lennon. Four Courts Press: 2007).

Le caoinchead ón údar.

Sliocht as an leabhar do pháistí *Room on the Broom* le Julia Donaldson (Macmillan Children’s Books: 2001) agus sliocht as an leagan Gaeilge den leabhar, *Scuabtha chun Siúil*, le Gabriel Rosenstock (An Gúm: 2002).

Le caoinchead ón nGúm agus ó Ghabriel Rosenstock.

Alt faoi leabhair Enid Blyton:

<http://www.timesonline.co.uk/tol/news/uk/article679097.ece>

Le caoinchead ó *The Sunday Times*.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



# Litríocht do Pháistí

## Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír físe ina bhfuil an Dr. Ríona Nic Congáil (léachtóir i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, a bhfuil leabhair do pháistí scríofa aici) ag labhairt faoi litríocht do pháistí. Sula bhféachfaidh tú ar an mír déan an réamhobair thíos.

### Plé

- Cad iad na leabhair is fearr a thaitin leatsa mar pháiste?
- Cén dearcadh a bhí ag na páistí a mhúin tusa go dtí seo ar an léitheoireacht?
- Cén t-aoisghrúpa is deacra a mhúineadh, dar leat, ó thaobh na léitheoireachta de?
- An dóigh leat go léann na páistí a mhúin tusa go leor leabhar?
- Cén rud é ‘leabhar maith’ do pháistí, dar leat?
- Cé chomh tábhachtach is atá léaráidí i leabhair do pháistí? I dtéacsleabhair scoile?
- An bhfuil aon chur amach agat ar leabhair Ghaeilge do pháistí?

## Éisteacht

- Féach ar an mír agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo a leanas inti:

realistic tales  
fantasy tales  
detective stories  
graphic novel  
genre  
old epic tales  
the series  
shortlist

- Cén t-eolas a thugann Ríona faoi Chomórtas Réics Carló?

## Feasacht Teanga

- Cén ghné den ghramadach atá i gceist sna frásaí thíos? Pléigh agus cuir samplaí breise ó do thaithí féin ar fáil.

i bhfoirm an úrscéil ghrafaigh  
an seánra is úire  
clúdaigh bhándearga  
an tsraith

- Conas a chuirfeá Gaeilge ar na frásaí seo a leanas?

in the forties / fifties / sixties / seventies / eighties / nineties  
in the last century / in the 20<sup>th</sup> century / in the eighteenth century  
in the middle ages / in the future / in the past  
twentieth century literature / seventeenth century poetry

- Déan cur síos ar an difear ó thaobh céille de idir na focail seo a leanas:

rann, dán, amhrán

## Iarobair

### Plé

- Ar léigh tú ‘An Cúigear Cáiliúil’ nuair a bhí tú óg? Céard a shíl tú den tsraith?
- Luann Ríona an tábhacht a bhaineann le scéalta a chloisteáil i ngach canúint: an dóigh leat féin go bhfuil seo tábhachtach do na páistí a mhúineann tusa?
- Cad iad na rudaí is tábhachtaí i scéalta do pháistí ag aoisghrúpaí difriúla? Pléigh agus cuir in ord:
  - léaráidí / pictiúir
  - rithim
  - an scéal
  - na carachtair
- Cad iad na nithe as an liosta thuas is tábhachtaí do pháistí atá ag foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga?

### Tascanna

- Léigh an sliocht thíos as an leabhar cáiliúil do pháistí *Room on the Broom*. Cad iad na gnéithe is tábhachtaí sa sliocht: rithim? scéal? carachtair? An mbeadh sé deacair é seo a aistriú go Gaeilge, dar leat? Cé chomh tábhachtach is a bheadh sé an rithim a choinneáil san aistriúchán?

The witch had a cat

and a very tall hat,  
 And long ginger hair  
 which she wore in a plait.  
 How the cat purred  
 and how the witch grinned,  
 As they sat on their broomstick  
 and flew through the wind.  
 But how the witch wailed  
 and how the cat spat,  
 When the wind blew so wildly  
 it blew off the hat.  
 ‘Down!’ cried the witch,  
 and they flew to the ground.  
 They searched for the hat  
 but no hat could be found.  
 Then out of the bushes  
 on thundering paws  
 There bounded a dog  
 with the hat in his jaws.  
 He dropped it politely,  
 then eagerly said  
 (As the witch pulled the hat firmly down on her head),  
 ‘I am a dog, as keen as can be.  
 Is there room on the broom  
 for a dog like me?’  
 ‘Yes!’ cried the witch,  
 and the dog clambered on.  
 The witch tapped the broomstick and  
 whoosh! they were gone...

- Anois léigh an t-aistriúchán Gaeilge le Gabriel Rosenstock (*Scuabtha chun Siúil*). Cén ghné den aistriúchán is dílse don bhundán, dar leat – rithim nó ciall? An dtaitníonn sé leat mar aistriúchán? Cé chomh tábhachtach is atá sé leabhair cháiliúla i mBéarla a aistriú go Gaeilge seachas cinn nua a chumadh? Ar tháinig tú ar aon leabhar Gaeilge do pháistí go dtí seo a thaitin go mór leat?

Bhí cat ag an gCailleach –  
 Cailleach an hata –  
 Ní srón a bhí uirthi  
 ach saghas éigin fata!  
 Bhí an cat ag crónán  
 is ag gáire go baoth.  
 Seo chugainn ar an scuab iad  
 ag teacht ar an ngaoth!  
 D’éirigh sé fiáin  
 is gheit na préacháin:  
 ‘Mo hata!’ arsa an Chailleach

‘Tá sé scuabtha chun fáin!’  
 ‘Síos linn!’ arsa an Chailleach.  
 ‘Síos i measc na gcrann!  
 Cá bhfuil mo hata?  
 Dar Duach! Níl sé ann!’  
 Amach as na sceacha  
 tháinig madra mór dána:  
 ‘An leatsa an hata seo,  
 a Chailleach bhuí ghránna?’  
 Is sásta a bhí an Chailleach,  
 labhair an madra go teann  
 Nuair a shocraigh sí an hata  
 ar ais ar a ceann:  
 ‘An ligfeá dom eitilt libh,  
 a Chailleach, a chroí?  
 Is fada ó bhí craic agam  
 nó aon phíosra spraoi!’  
 ‘Léim ar bord!’ arsa an Chailleach  
 is d’imigh siad leo.  
 Níor chuala tú cheana  
 a leithéid de ghleo!...

- Anois léigh an píosa seo le hAlan Tittley faoin aistriúchán – cén chuid de atá fíor faoin sliocht as *Room on the Broom / Scuabtha chun Siúil?*

The translator must choose either sounds or sense or meter or rhyme or a combination of them, or must interpret or crib or rewrite or whatever, but everything altogether cannot be done. No matter what you do, finally and in sum, a translation is not the original poem. It may be a shadow, or an echo, or a ghost, or an excretion, or alike to a discursive description of live music, or a flat photograph of a once-pulsing multidimensional image, but the real thing it ain't. For any decent writer words are physical, tactile, sensual things and the living stuff cannot be scraped away or washed off...A translator will usually have the humility to acknowledge that cooking the original poetic goose leaves most of the sauce ungarnered and simply go for whatever is possible.

- Léigh an t-alt faoi leabhair Enid Blyton a bheith á gcóiriú do léitheoirí an lae inniu agus pléigh na ceisteanna seo a leanas:
  - Ar léigh tusa leabhair Enid Blyton agus tú óg? Cad a shíl tú díobh?
  - An léann na páistí a mhúineann tusa leabhair Enid Blyton? An bhfuil siad oiriúnach do pháistí an lae inniu, dar leat?
  - Cad a shíleann tú den chóiriú a deirtear san alt atá á dhéanamh ar na leabhair? An aontaíonn tú lena leithéid?
  - Conas a dhéanfá cur síos ar an téarma ‘ceartaiseacht pholaitiúil’ (‘PC’)? Pléigh agus scríobh sainmhíniú.

- An mbíonn an iomarca scéine / eagla / foréigin i scannáin agus i scéalta do pháistí sa lá atá inniu ann, dar leat?

## Téipscript

*A Riona, cén sórt leabhar do pháistí atá ar fáil sa nGaeilge?*

Bhuel, tá an-chuid leabhar do pháistí ar fáil sa Ghaeilge sa lá atá inniu ann. Tá scéalta réadúla ann, scéalta fantaisíochta, scéalta bleachtaireachta, tá rannta ann, tá dánta ann, *so* tá an-chuid rudaí i gceist. Déarfainn gurb é an t-úrscéal grafach an seánra is úire sa litríocht do pháistí – dar ndóigh tá scéalta cosúil leis *An Táin* againn i bhfoirm an úrscéil ghrafaigh agus tá sé cosúil le cartún ar bhealach, ach amháin go mbíonn plota an úrscéil ag baint leis. Agus b’fhiú do dhaoine na leabhair sin a léamh, déarfainn, mar tá siad an-spéisiúil agus is bealach úrnua é chun na seanscéalta eipiciúla a chur os comhair na léitheoirí óga.

*Agus an bhfuil sé tábhachtach go mbeadh dlúthdhioscaí nó DVDanna leis na leabhair – go mbeadh an ghné fuaimne i gceist freisin?*

Sílim go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh sé sin ar fáil agus dar ndóigh, déanann comhlachtaí áirithe an-iarracht dlúthdhioscaí agus a leithéid a chur ar fáil in éineacht le rannta agus dánta agus amhráin. Tóg, mar shampla, an tsraith *Ruairí* – is féidir dlúthdhiosca a fháil leis na leabhair sin agus is féidir an scéal a chloisteáil, nó na scéalta a chloisteáil i ngach canúint. Agus cuidíonn sé sin go mór leis na páistí – b’fhéidir ar bhealach neamhurchóideach – chun tuiscint níos fairsinge agus níos fearr a fháil ar na canúintí uilig. Agus ba chóir go mbeadh na háiseanna sin ag gach múinteoir.

*Inis dom faoi Chomórtas Réics Carló.*

Is comórtas bliantúil é Comórtas Réics Carló agus baineann sé leis an litríocht do pháistí. ’Sé sin, cuirtear na leabhair is fearr do pháistí chuile bhliain ar ghearrliosta ar dtús agus ansin roghnaítear an leabhar is fearr. Baineann an teideal féin le bleachtaire a bhain leis an litríocht do pháistí sna 1940í – carachtar a chum an t-údar Cathal Ó Sándair, an t-údar is tábhachtaí is dócha sa litríocht do pháistí sa Ghaeilge. Agus dar ndóigh, ag an am sin, bhí seánra na bleachtaireachta ag teacht chun cinn in Éirinn agus i Meiriceá agus i Sasana leis an gCúigear Cáiliúil nó *The Famous Five* agus mar sin de. Feicimid nuair a bhreathnaíonn muid ar an ngearrliosta féin, feicimid go mbíonn leabhair do naíonáin i gceist, leabhair do dhéagóirí, leabhair le clúdaigh bhándearga do chailíní, bíonn rannta ann agus dánta agus mar sin de. *So* bíonn na seánraí uilig le feiceáil ar an ngearrliosta seo.

*An bhfuil go leor leabhar do pháistí ann?*

Tá an-chuid leabhar do pháistí ann agus mar a deirim, tá an-éagsúlacht ag baint leis na leabhair seo. Agus ba chóir do na múinteoirí agus do na daoine a bhfuil spéis acu sa litríocht do pháistí bheith ag léamh na leabhar seo ar fad. Mar is dócha go mbíonn na léaráidí an-spéisiúil, tá feabhas ollmhór i ndiaidh teacht ar na léaráidí sna leabhair seo as Gaeilge agus as Béarla dar ndóigh, mar gheall ar an

teicneolaíocht na laethanta seo. Ach chomh maith leis sin bíonn an teanga an-tábhachtach. Is féidir teanga an-fhairsing a fhoghlaim ó na scéalta seo do pháistí agus dar ndóigh, is féidir an-chuid a fhoghlaim faoin gcultúr ársa Gaelach nuair a léitear na leabhair seo chomh maith.



## Téacs

### *Famous Five have an awfully PC adventure*

Enid Blyton's biographer has accused publishers of bowing to political correctness by sanitising some of the children's author's best known books. Barbara Stoney, backed by the Enid Blyton Society, has condemned changes introduced to make the books more palatable to today's readers.

Dame Slap has become Dame Snap, who now scolds naughty children rather than giving them a smack.

Bessie, a black character with a name associated with slavery, is now a white girl called Beth, while in the Far Away Tree stories Fanny and Dick have been changed to Frannie and Rick.

The rigid gender divisions in the Famous Five and Secret Seven series have also been swept aside, with both sexes expected to do their fair share of domestic chores.

"I say" has been replaced by "hey", "queer" with "odd" and "cookies" replaces "biscuits" in an attempt to appeal to the American market.

"What has happened is a lot of nonsense," said Stoney. "I just don't see why people can't accept that they were written in a particular period and are a product of that.

"It's bizarre. People are now very conscious of our 'PC' world, and I think that's what's driving it."

In the 1980s, many of Blyton's stories — in which Noddy was intimidated by golliwogs, gypsies branded as thieves, and housework the preserve of girls — were banned from libraries and school reading lists amid accusations of sexism and racism.

Documents discovered last year in the archives of the publisher Macmillan showed it rejected a Blyton story in 1960 for containing an "unattractive touch of old-fashioned xenophobia".

However, Malory Towers, St Claires and Secret Seven series are to be relaunched next year and expected to become bestsellers. Stoney raises her concerns in a revised edition of her biography of Blyton, who died in 1968 at the age of 71. She said: "I just wonder where it will stop. Do we start updating Jane Austen next, or Dickens? I would call on publishers just to think about it first, and not make changes willy-nilly."

Tony Summerfield, the founder of the Enid Blyton Society, said: “In *The Adventurous Four*, the characters’ names are changed from Mary and Jill to Zoe and Pippa, supposedly to bring it up to date.

“Many people do not see why the golliwogs were removed. They are just toys.”

Gillian Baverstock, Blyton’s daughter, who will speak about her mother’s work at the Edinburgh International Book Festival in August, said: “You cannot expect an author to imagine what life would be like for future generations.”

Although Baverstock and her sister Imogen Smallwood backed the removal of the golliwogs from the texts in the 1980s, she cautioned against unnecessary changes.

Blyton’s books would remain true to her intentions, the publisher insisted. “The books have only been very slightly altered with the addition of decimalisation to bring them up to date,” said Margaret Conroy of Hodder.

<http://www.timesonline.co.uk/tol/news/uk/article679097.ece>

© *The Sunday Times* 06 2006